

OLLSCOIL ÁTHA CLIATH Coláiste na Tríonóide

ACHTANNA UM SHAORÁIL FAISNÉISE – CONAS IARRAIDH A DHÉANAMH

Cad iad na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise?

Foráilann An tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003 na cearta dlí seo a leanas do gach duine:

- an ceart rochtain a fháil ar thaifid oifigiúla i seilbh comhlachtaí poiblí a fhorordaítear faoi na hAchtanna;
- an ceart faisnéis phearsanta i seilbh comhlachtaí poiblí a cheartú nó a thabhairt cothrom le dáta, sa chás go mbíonn an fhaisnéis sin neamhiomlán, míchruinn nó míthreorach; agus
- an ceart na cúiseanna le cinntí a dhéanann difear don duine féin arna dtógáil ag comhlachtaí poiblí a fháil.

Forordaíodh Coláiste na Tríonóide faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 1997 le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2001. Ón dáta sin amach is féidir le daoine rochtain a lorg ar fhaisnéis phearsanta a bhíonn i seilbh an Choláiste, cibé tráth a cruthaíodh an fhaisnéis sin, agus ar thaifid eile, go ginearálta na taifid sin a cruthaíodh i ndiaidh 21 Aibreán 1998.

Cad is ‘taifead’ ann chun críocha Saorála Faisnéise?

Tugtar sainmhíniú an-leathan ar ‘taifead’ agus áirítear air aon fhaisnéis a choinnítear de lámh, go meicniúil nó go leictreonach.

An gcaithfidh mé An tAcht um Shaoráil Faisnéise a úsáid chun faisnéis a iarraidh?

Tá méid suntasach faisnéise le fáil gan leas a bhaint as na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise. Ba chóir dóibh siúd ata ag lorg faisnéise, ar an gcéad dul síos, féachaint ar Fhéilire, Réamheolairí nó foilseacháin eile de chuid na hOllscoile, Oifig Fiosrúchán an Choláiste [Teileafón (01) 608 1724] nó Láithreán Gréasáin [<http://www.tcd.ie/>], nó cuir ceist ar Cheann na Roinne iomchuí sa Choláiste. Cuireann Saoráil Faisnéise bealach eile ar fáil chun faisnéis a fháil trí rochtain ar thaifid nach mbíonn gnáthfháil orthu a éascú.

Conas a fheidhmíonn na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise?

Éilíonn na hAchtanna ar chomhlachtaí poiblí iarrataí ón bpobal ar fhaisnéis atá ina seilbh acu a fhreagairt. Ní mór admháil a chur ar fáil ar iarrataí laistigh de 2 seachtaine. I bhformhór na gcásanna, ní mór do chomhlachtaí poiblí a gcinneadh a thabhairt maidir le hiarraidh laistigh de 4 seachtaine ón dáta a bhfaigheann siad í. Chomh maith leis sin, ní mór do chomhlachtaí poiblí leabhair thagartha a chur ar fáil a leagann amach struchtúr na heagraíochta, na socruithe atá i bhfeidhm chun aon fhaisnéis a chur ar fáil agus aon rialacha, treoirlínte nó cleachtais a úsáideann siad chun teacht ar na cinní a dhéanann difear don phobal. Tá na leabhair seo le fáil ó na comhlachtaí poiblí lena mbaineann, agus i gcás Choláiste na Tríonóide, tá siad ar fáil ó láithreán gréasáin an Choláiste.

Conas a dhéanaim iarraidh Saorála Faisnéise?

Ba chóir iarraidh i scríbhinn a sheoladh chuig an Oifigeach Comhlíonta Faisnéise (An tOifigeach um Shaoráil Faisnéise), Oifig an Rúnaí, An Téatar Thiar, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath 2, nó is féidir leat an fhoirm chuí a úsáid ag deireadh na bileoige eolais seo. I ngach cás ní mór duit na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- sonraigh go bhfuil tú ag déanamh d'iarraidh faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise;
- na taifid atá á lorg a aithint (Chun aimsiú na dtaifead a éascú agus chun aon mhuirir a d'fhéadfadh a bheith le híoc ag an iarrthóir maidir le cuardach, aisghabháil agus cóipeáil a laghdú, moltar don iarrthóir an méid eolais agus is féidir faoi na taifid atá siad ag lorg a thabhairt.);
- léirigh ar mhaith leat cóipeanna den taifead a fháil nó arbh fhearr leat rochtain a fháil ar bhealach eile; agus
- an táille iarrata chuí a chur san áireamh, nuair a bhíonn ceann iníoctha.

Tacóidh an tOifigeach Comhlíonta Faisnéise, nó comhaltaí foirne eile an Choláiste leat le hiarraidh a dhéanamh.

Cad iad na táillí agus na muirir atá iníoctha?

(a) Táillí Iarrata

Ní mór táille €15.00 (€10.00 i gcás daoine a bhfuil cártaí leighis acu) a bheith san áireamh le hiarrataí Saorála Faisnéise chun rochtain a fháil ar thaifid, seachas taifid nach bhfuil iontu ach faisnéis phearsanta a bhaineann leis an iarrthóir. Níl aon táillí iarrata ann maidir le taifid phearsanta a leasú nó nuair atáthar ag déanamh iarrata chun cúiseanna a fháil le cinntí an Choláiste a rinne difear duit mar dhuine aonair.

(b) Táillí maidir le taifid a chuardach, a aisghabháil agus a chóipeáil

Faisnéis Phearsanta: Go ginearálta bíonn táillí chun rochtain a fháil ar fhaisnéis phearsanta teoranta don chostas a bhaineann le heisiúint na dtaifead nuair a bhíonn sin tábhachtach.

Faisnéis neamhphearsanta: Gearrtar táillí combhionann leis an gcostas a bhaineann leis na taifid a chuardach, a aisghabháil agus a chóipeáil go héifeachtach.

Tábla táillí: Cuardach agus aisghabháil - €20.95 in aghaidh na huaire
Fótachóipeáil - €0.04 in aghaidh na bileoige
Discéad ríomhaire - €0.51
CD ROM - €10.16
Radagraf - €6.35

Éarlaisí: Nuair is dóigh go mbeidh costas measta na dtaifead atá á lorg níos airde ná €0.79, ní mór don iarrthóir éarlais de 20% ar a laghad den tsuim a íoc sula gcuirtear tús leis an bpróiseas cuardaigh agus aisghabhála.

Cúnamh leis an iarraidh: Má iarrtar cúnamh, tabharfaidh an fhoireann comhairle conas na costais a bhíonn i gceist a laghdú, mar shampla, an iarraidh a leasú.

Ní féidir muirear a ghearradh ar iarrthóirí as an am a chaitear ag cinneadh cibé an ndeonófar a n-iarraidh nó nach ndeonófar.

Cén cineál rochtana ar thaifid a gheobhaidh mé?

Ag brath ar thaobh praiticiúil na dtairfead lena mbaineann agus ar an gcineál rochtana is cuí, de ghnáth cuireann an Choláiste cóip den taifead ar fáil nó deis réasúnach chun an taifead a scrúdú. D'fhéadfadh gur fótachóip a bheadh i meán na cóipe nó b'fhéidir discéad ríomhaire más mian sin. Nuair is mian le hiarrthóirí taifid a fháil ina bhfuil a c(h)uid faisnéise phearsanta féin, d'fhéadfadh go n-iarrfadh oifigeach an Choláiste cruthúnas céannachta air/uirthi.

An bhfuil teorainneacha ama ann maidir le haois na dtairfead is féidir a iarraidh?

- Go ginearálta, baineann na hAchtanna le taifid a cruthaíodh ón 21ú Aibreán, 1998. Mar sin féin, is féidir taifead a cruthaíodh roimh an dáta sin a iarraidh más gá chun taifid a cruthaíodh ina dhiaidh sin a thuiscint.
- Is féidir taifid phearsanta a iarraidh cibé tráth a cruthaíodh iad.
- De ghnáth cuireann na hAchtanna teorainn ar iarrataí ar thaifid phearsanta go na taifid sin a cruthaíodh ón 21 Aibreán, 1995. Is féidir rochtain a fháil ar thaifid roimhe sin áfach, mar shampla, má bhíonn taifead roimhe seo fós ag cur isteach ar leasanna an iarrthóra.

An féidir liom rochtain a fháil ar gach cáipéis oifigiúil?

Is féidir aon fhaisnéis oifigiúil atá i seilbh comhlachtaí poiblí a lorg faoi na hAchtanna. Chun deis a thabhairt gnó a dhéanamh i gceart áfach, beidh sé riachtanach uaireanta díolmhú a bheith ann ó thaobh cineálacha áirithe faisnéise a eisiúint in imthosca áirithe. Tá na díolúintí riachtanacha seo leagtha amach sa reachtaíocht. Samplaí de thaifid a d'fhéadfadh a bheith díolmhaithe ná iad sin a bhíonn íogaireach ó thaobh tráchtála de nó a bhfuil faisnéis phearsanta iontu faoi dhuine eile agus ní an duine atá ag déanamh na hiarrata. Sa chás go ndiúltaítear rochtain ar thaifead inseofar duit faoi do chuid cearta maidir le hachomharc a dhéanamh.

Conas a dhéanfaidh mé faisnéis phearsanta fúm féin atá i seilbh an Choláiste a cheartú?

Má chreideann iarrthóirí go bhfuil an fhaisnéis a chonaic siad sna taifid phearsanta neamhiomlán, míchruinn nó mírtheorach, is féidir leo iarraidh a dhéanamh chun an taifead a leasú. Is féidir leat iarraidh a dhéanamh chuig an Oifigeach Comhlíonta Faisnéise:

- ag sonrú an taifid atá i gceist agus an leasú a theastaíonn agus
- agus an fhaisnéis cuí a thacaíonn leis an iarraidh san áireamh.

Is féidir leat an fhoirm chuí ag deireadh na bileoga eolais seo a úsáid.

Conas a fheidhmeoidh mé mo cheart ar fhaisnéis maidir le gníomh de chuid an Choláiste a mbíonn tionchar aige ormsa?

Is féidir le duine a ndéanann gníomh de chuid an Choláiste difear dó nó di agus a bhfuil leas ábhartha aige nó aici i ní dá ndéanann an gníomh difear nó lena mbaineann, iarraidh i scríbhinn a dhéanamh chuig an Oifigeach Comhlíonta Faisnéise ar ráiteas ina luafar na cúiseanna leis an ngníomh agus aon torthaí maidir le haon saincheisteanna ábhartha fíorais arna ndéanamh chun críocha an ghnímh. Tá foirm iarrata chun na críche sin le fáil ag deireadh na bileoige eolais seo. Baineann an ceart cúiseanna a fháil maidir le cinntí le cinntí a

bheidh déanta tar éis fheidmiú an Achta um Shaoráil Faisnéise i gcás Choláiste na Tríonóide (1 Deireadh Fómhair 2001).

Cad is féidir liom a dhéanamh má bhím míshásta le cinneadh agus iarraidh déanta agam faoi na hAchtanna?

Féadfaidh lucht iarrtha achomharc a dhéanamh chuig an gColáiste go ndéanfaí a n-iarraidh a athscrúdú. Ní mór don iarthóir é sin a dhéanamh laistigh de cheithre seachtaine ó chuirfidh an Coláiste an chéad chinneadh in iúl. Chomh maith leis sin, tá ceart dlíthiúil ag iarthóir achomharc a dhéanamh mura bhfaigheann siad cinneadh ar an gcéad iarraidh laistigh de cheithre seachtaine. Cinnteoidh an Coláiste gur duine níos sinsearaí ná an duine a rinne an chéad chinneadh a dhéanfaidh athbhreithniú ar an iarraidh. Má bhíonn an t-iarthóir fós míshásta leis an gcinneadh, tá sé de cheart aige nó aici achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh chuig an gCoimisinéir Faisnéise. Ceann d'fhreagrachtaí sonracha an Choimisinéara ná éisteacht le hachomhairc ó dhaoine den phobal nach n-aontaíonn le cinntí a bheidh déanta ag comhlachtaí poiblí maidir lena gcuid iarrataí. Is féidir achomharc a dhéanamh ar chinntí an Choimisinéara Faisnéise ar phointí dlí chuig an Ard-Chúirt.

Séanadh

Is achoimre an-gherr atá san fhaisnéis thuas faoi roinnt de phríomhghnéithe fheidmiú na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003 i gcás Ollscoil Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide. Ní airbheartaítear é a bheith ina léirmhíniú dlí ar na hAchtanna.

Eolas Teagmhála

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Comhlíonta Faisnéise (An tOifigeach um Shaoráil Faisnéise)

tríd an bpost chuig Oifig an Rúnaí,
An Téatar Thiar,
Coláiste na Tríonóide,
Baile Átha Cliath 2;

ar ríomhphost chuig foi@tcd.ie;
ar FAICS ag (01) 6710037 nó
ar an teileafón ag (01) 896 2154.

Is é láithreán gréasáin Saorála Faisnéise Choláiste na Tríonóide ná <http://www.tcd.ie/foi/>.

Ní mór iarrataí Saorála Faisnéise a chur ar aghaidh i scríbhinn nó ar fhoirm chaighdeánach chuig an Oifigeach Comhlíonta Faisnéise (An tOifigeach um Shaoráil Faisnéise). Is féidir an bhileog eolais seo, lena n-áirítear foirmeacha iarrata, a fháil ón Oifigeach Comhlíonta Faisnéise nó ó láithreán gréasáin Saorála Faisnéise an Choláiste.

Ní mór a mharcáil ar chlúdaigh litreach a bhfuil iarrataí Saorála Faisnéise iontu: 'Iarraidh Saorála Faisnéise – Práinneach'.

An tOifigeach Comhlíonta Faisnéise
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.
Bealtaine, 2005

Tag: Comhairle Saorála Faisnéise – Don Iarrthóir (leasaithe)(a)

**OLLSCOIL ÁTHA CLIATH
Coláiste na Tríonóide**

Iarraidh chun Rochtain a fháil ar Thaifid faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003
(lch 1 de 2)

Úsáid BLOCLITREACHA le do thoil

Sonraí an Iarrthóra:

Sloinne: _____

Céad-ainm/(ainmneacha) _____

Seoladh Poist: _____

Uimhir(uimhreacha) Teileafóin: Baile: _____

Gnó: _____

D'úsáid oifige amháin

Dáta a bhFuarthas an Iarraidh Saorála Faisnéise

Faisnéis Phearsanta

Sula dtabharfar rochtain duit ar fhaisnéis phearsanta a bhaineann leat féin, d'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ort cruthúnas céannachta a chur ar fáil.

Cineál rochtana

Is é an cineál rochtana ab fhearr liom ná:

(cuir tic mar is cuí)

Cóipeanna a fháil sa phost ____ eile _____ (sonraigh le do thoil)

Sonraí na hIarrata

De réir alt 7 de na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, iarraim rochtain ar thaifid atá: *(cuir tic mar is cuí)* Pearsanta Neamhphearsanta . Meascán de phearsanta/neamhphearsanta .

Sa spás atá curtha ar fáil, tabhair tuairisc ar na taifid chomh maith agus atá tú in ann. Má tá tú ag iarraidh faisnéis phearsanta, luaigh go sonrach le do thoil an t-ainm faoina bhfuil na taifid á gcoinneáil. De ghnáth ní thabharfar rochtain duit ar fhaisnéis phearsanta duine éigin eile mura mbeidh toiliú i scríbhinn agat ón duine sin.

Iarraim na taifid seo a leanas: _____

_____ (ar lean ar an gcéad lch eile)

OLLSCOIL ÁTHA CLIATH
Coláiste na Tríonóide

Iarraidh chun Rochtain a fháil ar Thaifid faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003
(lch 2 de 2)

SÍNIGH ANSEO LE DO THOIL

DÁTA

Nóta: Cuir an táille iarrata €15.00 (€10 i gcás daoine a bhfuil cárta leighis acu) mura taifid ina bhfuil faisnéis phearsanta fút féin agus iad sin amháin atá uait.

Seol ar ais chuig:

An tOifigeach Comhlíonta Faisnéise,
Oifig an Rúnaí,
An Téatar Thiar,
Coláiste na Tríonóide,
Baile Átha Cliath 2.

Ba chóir a mharcáil ar an gclúdach litreach: ‘Iarraidh Saorála Faisnéise – Práinneach’.

OLLSCOIL ÁTHA CLIATH
Coláiste na Tríonóide

Iarraidh chun Faisnéis Phearsanta a Leasú faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003

Úsáid BLOCLITREACHA le do thoil

Sonraí an Iarrthóra:

Sloinne: _____

Céad-ainm/(ainmneacha) _____

Seoladh Poist: _____

Uimhir(uimhreacha) Teileafóin Baile: _____

Gnó: _____

D'úsáid oifige amháin

Dáta a bhFuarthas an iarraidh Saorála Faisnéise

Sonraí na hIarrata

De réir alt 7 de na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, iarraim faisnéis phearsanta i dtaifid atá i seibh Ollscoil Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide a leasú.

Deimhním go bhfuil an fhaisnéis phearsanta sa taifead/sna taifid a bhfuil tuairisc orthu thíos neamhiomlán míchruinn míthreorach (*cuir tic mar is cuí.*)

Tá an taifead/na taifid a bhfuil an fhaisnéis iontu:

Is í seo a leanas an fhaisnéis a chreidim a bheith neamhiomlán, míchruinn nó míthreorach:

Is í seo a leanas an fhaisnéis atáim ag iarraidh a bheith ar an taifead/na taifid:

_____ (*ar lean ar an gcéad lch eile*)

**OLLSCOIL ÁTHA CLIATH
Coláiste na Tríonóide**

**Iarraidh chun Faisnéis Phearsanta a Leasú faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997
agus 2003**

(lch 2 de 2)

Is iad seo a leanas na cúiseanna atá le m'éileamh go bhfuil an fhaisnéis neamhiomlán,
míchruinn nó míthreorach:

Cuir aon eolas nó aon cháipéisíocht bhreise eile a thacódh le d'éileamh ar fáil. Mura bhfuil do
dhóthain spáis san fhoirm seo cuir leathanaigh breise faoi iamh.

SÍNIGH ANSEO LE DO THOIL

DÁTA

Seol ar ais chuig:

An tOifigeach Comhlíonta Faisnéise,
Oifig an Rúnaí
An Téatar Thiar
Coláiste na Tríonóide
Baile Átha Cliath 2

**Ní mór a mharcáil ar an gclúdach litreach: 'Iarraidh Saorála Faisnéise –
Práinneach'.**

**OLLSCOIL ÁTHA CLIATH
Coláiste na Tríonóide**

Iarraidh faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003 ar fhaisnéis maidir le gníomh de chuid an Choláiste a rinne difear do dhuine

Sonraí an Iarrthóra:

Sloinne: _____

Céad-ainm/(ainmneacha) _____

Seoladh Poist: _____

Uimhir(uimhreacha) Teileafóin Baile: _____

Gnó: _____

D'úsáid oifige amháin

Dáta a bhFuarthas an Iarraidh Saorála Faisnéise

Sonraí na hIarrata

De réir alt 18 de na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, iarraim ráiteas i scríbhínn maidir le gníomh nó cinneadh de chuid Ollscoil Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide, a rinne difear domsa agus a bhfuil leas ábhartha agam ann.

Is é an gníomh nó an cinneadh faoina bhfuilim ag déanamh iarraidh ná:

Iarraim ráiteas faoi na cúiseanna leis an ngníomh agus ráiteas faoi aon torthaí maidir le haon saincheistanna ábhartha fíorais arna ndéanamh chun críocha an ghnímh.

SÍNIGH ANSEO LE DO THOIL

DÁTA

Seol ar ais chuig:

An tOifigeach Comhlíonta Faisnéise,
Oifig an Rúnaí
An Théatar Thiar
Coláiste na Tríonóide
Baile Átha Cliath 2

Ní mór a mharcáil ar an gclúdach litreach: 'Iarraidh Saorála Faisnéise – Práinneach'.